Department of Education
www.education-ni.gov.uk

TransformED NI:
Transforming Teaching and Learning



# Dul i ngleic leis an Fhianaise:

## *Nuair is fearr ár n-eolas, is fearr a éiríonn linn*

InnerDrive



# DUL I nGLEIC LEIS AN FHIANAISE: NUAIR IS FEARR ÁR nEOLAS, IS FEARR A ÉIRÍONN LINN.

*Le hInnerDrive*

## CAD IS FIANAISE ANN?

Is téarma leathan é 'Fianaise' a chiallaíonn rudaí éagsúla san oideachas. In amanna, tagraíonn sé d'eolas a bhailíonn scoileanna, amhail sonraí measúnaithe daltaí. Amanna eile, úsáidtear 'fianaise' le cur síos a dhéanamh ar thorthaí ó thaighde a bheadh déanta ag acadóirí nó taighdeoirí (EEF, 2024). Tá an dá chineál fianaise bailí, agus do cheannairí, d'fhéadfadh sé go dtabharfadh fianaise sheachtrach léargas ginearálaithe ar na nithe a oibríonn thar chomhthéacsanna agus go gcuirfeadh fianaise inmheánach lionsa ar leith ar fáil le cuidiú linn díriú ar a bhfuil (nó nach bhfuil) ag obair san am i láthair.

## CAD CHUIGE A bhFUIL SÍ TÁBHACHTACH?

Is iomaí tagairt atá le fáil síos tríd an stair do thábhacht na fianaise, ó chur amach Shócraitéas, "gurbh é an t-aon fhíor-eagna ná a fhios a bheith agat nach bhfuil a fhios agat rud ar bith" (Platón, 393 RCh), go dtí riail Charles Dickens, mar atá, "take nothing on its looks; take everything on evidence" (Dickens, 1861) agus, le déanaí, glao chun gnímh Ben Goldacre, "the problem with common sense is that it's neither common nor sense" (Goldacre, 2008).

Is táirgí dár dtaithí féin muid agus is minic gur dearcthaí suibiachtúla iad na tuairimí s'againn maidir lena bhfuil ceart nó fíor, agus bíonn tionchar mór ag réamheolas, claontachtaí neamh-chomhfhiosacha agus an timpeallacht ar na dearcthaí sin. Mura mbímid ag brath ach ar ár gcuid instinní nó ar an traidisiún, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh ann do chaochspotaí, droch-chinnteoireacht, cur amú acmhainní nó éifeachtacht laghdaithe. Trí fhianaise sheachtrach agus inmheánach araon a úsáid, cuidítear le ceannairí bogadh lastall de chuimhní cinn nó scéalta agus de thuairimí, agus iontaoibh a fhorbairt astu féin agus as na cinntí a dhéanann siad.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag fianaise, nó ag easpa fianaise, ar cheannairí ag céimeanna éagsúla den phróiseas cinnteoireachta agus is

© InnerDrive Ltd.

minic a chuidíonn sí linn freagra a thabhairt ar, ní hamháin "Cad é atá ar bun againn?", ach, "An bhfuil sé ag obair?"



Le linn chéim an fhiosraithe, agus rudaí á gcur i bhfeidhm (EEF, 2024), tig le ceannairí fianaise a úsáid lena ndiagnóis ar fhadhbanna a fheabhsú, leis an chleachtas reatha a thagarmharcáil agus le breithmheas a dhéanamh ar idirghabhálacha reatha agus lena dhéanamh amach a fhóirsteanaí atá siad. Dé réir mar a ghlactar tionscadail i dtreo chéim an ullmhúcháin, bíonn fianaise de dhíth ar cheannairí le tacú le sainaithint na gcomhábhar gníomhach, le tacaíocht agus rannpháirteachas ó pháirtithe leasmhara a fhorbairt agus le straitéisí a chur i bhfóirstean do thosca comhthéacsúla. Aistrítear fócas na fianaise go dtí bonn níos inmheánaí le linn chéim an tseachadta, de réir mar a dhéanann ceannairí monatóireacht ar dhul chun cinn agus de réir mar a bhíonn orthu neamhéifeachtúlachtaí agus neamhéifeachtacht a shainaithint go cruinn. Bíonn an fhianaise tábhachtach i gcónaí sa chéim dheireanach de thionscadal, céim an chothaithe, nuair a bhíonn ar cheannairí cinntí a dhéanamh maidir le tionscadail eile amach anseo. Le linn na céime seo, d'fhéadfadh sé go gcuideodh fianaise ardchaighdeáin le measúnú a dhéanamh ar thionchar, le hathmheas a dhéanamh ar fhóirsteanacht agus, faoi dheireadh, le tacú le cinntí maidir le cé acu a leanfar den tionscadal, a ghearrfar siar air nó a tharraingeofar siar é.

In ainneoin an dearcaidh dhearfa, den chuid is mó, maidir leis an mhéid a éascaíonn fianaise do cheannairí acmhainní a leithdháileadh ar bhonn straitéiseach, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus dul i gcion ar pháirtithe leasmhara ar bhealaí bríocha (Fernandes, 2019), tá roinnt teachtaireachtaí rabhaidh ann. Meabhraíonn an tOllamh Rob Coe dúinn, go dtig linn treoir ghinearálta a fháil ón fhianaise, nó leid maidir leis an 'rogha is sábháilte', ach nach bhfaighidh muid oideas, teimpléad ná ráthaíocht uaithi (Coe, 2017). Leag Rogers (2020) béim ar an tábhacht a bhaineann le bheith ag amharc ar an teagasc mar ghairm atá bunaithe ar thaighde agus ar fhianaise, seachas gairm fhianaise-threoraithe, agus gur gá dúinn úsáid ghníomhach a bhaint aisti.

## GAISTÍ FIANAISE

### *1. Pairilis trí Anailís*

Bíonn a oiread sin fianaise ar fáil, idir inmheánach agus sheachtrach, gur féidir go gcruthódh sé ró-ualú don cheannaire. Seans go mbeadh ceannairí chomh fada sin i mbun thiomsú agus phróiseáil na faisnéise nach n-éireodh leo cinneadh tráthúil a dhéanamh, rud a n-eascródh easpa gnímh as. Aistrítear an fócas ó bheith ag gníomhú níos fearr go dtí níos mó a bheith ar eolas agat.



© InnerDrive Ltd.

### *2. Claonadh i dtreo an Deimhnithe*

Is é atá i gceist anseo ná an claonadh dul sa tóir ar, léirmhíniú a dhéanamh ar agus roghnachas a léiriú i leith fianaise a dhearbhaíonn nó a thacaíonn le tuairimí nó hipitéisí a bheadh agat cheana. Dá mbeadh ceannaire ann a chreideann go diongbháilte i modh teagaisc faoi leith, d'fhéadfadh sé go ndíreodh sé nó sí go neamh-chomhfhiosach ar an fhianaise dhearfach agus go ndéanfadh sé/sí neamhshuim d'aiseolas nó de fhrith-argóintí diúltacha.

© InnerDrive Ltd.

### *3. Neamhaird a Thabhairt ar Chomhthéacs*

d'fhéadfadh sé go mbainfí mí-úsáid as fianaise sheachtrach nuair nach ndéantar ach í a 'tharraingt agus a scaoileadh' isteach i gcomhthéacs eile, agus neamhaird á tabhairt ar chúinsí áitiúla. Bíonn ar cheannairí i gcónaí an taighde seachtrach a léirmhíniú trí lionsa pobal daltaí, acmhainn foirne agus cultúr pobail a scoile féin (Brown, 2015).

### *4. An Gaiste Cainníochtúil*

D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh ceannairí an íomhá atá acu de chás a scoile féin as a riocht trí bheith ag brath de bharraíocht ar shonraí sofhaighte sothomhaiste, ar bhaoth-mhéadrachtaí nó ar thagarmharcanna seachtracha. Ní mór cothromaíocht a aimsiú idir sonraí cainníochtúla ar bith agus an fhianaise cháilíochtúil níos saibhre agus níos casta a thagann ón bhreathnóireacht, ón chomhphlé agus ó chur agus cúiteamh.

## CAD É MAR BA CHEART DO CHEANNAIRÍ DUL I nGLEIC LEIS AN FHIANAISE

Caithfidh ceannairí a bheadh ag iarraidh an úsáid a bhaineann siad as fianaise a fheabhsú, smaoineamh ar bhonn córasach faoi na bealaí a mbailíonn siad í, a dtuigeann siad í agus a n-aistríonn siad go gníomh í.

### *A. Bailiúchán*

Is é seo an chéad chéim ríthábhachtach, nó braitheann caighdeán na gcinntí uilig a dhéanfar ina dhiaidh sin ar chaighdeán agus intinniúlacht na fianaise a bhailítear agus, dá réir, caithfidh ceannairí:

- ***Bheith tomhaiste:*** A shocrú cé na sonraí atá de dhíth orthu agus cén fáth.
- ***Úsáid a bhaint as meascán modhanna:*** Sonraí cainníochtúla agus sonraí cáilíochtúla a chomhcheangal
- ***Caighdeán a chinntiú:*** Seiceáil maidir le hiontaofacht, bailíocht agus claontacht.

### *B. Tuiscint*

Is ag an chéim seo a aistrítear sonraí amha ina léargas barantúil agus a thosaíonn ceannairí de bheith ag cur tuiscint ar an chiall atá leis an fhianaise, mar sin, caithfidh ceannairí:

- ***Cros-seiceáil a dhéanamh***: Na léargais ón fhianaise a chomhcheangal lena saineolas agus le comhthéacs.
- ***Ceisteanna maithe a chur:*** Cad é a chiallaíonn sé seo? Cén t-eolas eile atá de dhíth orainn?
- ***Patrúin a chuardach:*** Gan tú féin a chailleadh i measc an challáin, díriú ar threochtaí agus ar eisceachtaí.



© InnerDrive Ltd.

*C. Aistriú*

Leis an chéim dheireanach seo, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé bogadh lastall d'eolas níos fearr amháin a bheith agat, agus nasc díreach a dhéanamh idir an fhoghlaim agus gníomh atriallach, mar sin, caithfidh ceannairí:

- ***An fhoghlaim a chomhroinnt:*** An fhianaise a dhéanamh infheicthe agus a chinntiú go dtuigeann gach duine í.
- ***Bogadh i dtreo gnímh:*** Fianaise a úsáid le cinntí agus leis na chéad chéimeanna eile a threorú.
- ***Tástáil agus foghlaim:*** Athruithe a thriail ar bhonn píolótach, monatóireacht a dhéanamh ar thionchar agus oiriúnú a dhéanamh mar fhreagairt air sin.

## SMAOINTE DEIRIDH

Ní hionann 'dul i ngleic leis an fhianaise' agus dul sa tóir ar uimhreacha ná cloí le taighde seachtrach gan aon cheist a chur faoi. Baineann sé le bheith fiosrach, machnamhach agus straitéiseach. Baineann sé le fianaise a chomhcheangal go córasach le saineolas agus le comhthéacs le ceisteanna níos fearr a chur, le cinntí níos fearr a dhéanamh agus le torthaí níos fearr a chruthú. Nuair a éiríonn le ceannairí dul i ngleic go rathúil leis an fhianaise, feabhsaíonn siad iontaoibh, cruthaíonn siad rannpháirteachas agus cuireann siad le cultúir ina mbíonn meas ar an fhoghlaim, ina bhfiosraítear meancóga agus inar rud leanúnach é an feabhsúchán.

Más mian leat na bealaí a n-úsáideann tú fianaise a fheabhsú, is féidir tosú trí bheith ag éisteacht ar bhonn inmheánach, ag amharc amach go seachtrach agus ansin súil ghéar a chaitheamh ar an mhéid a aimsíonn tú nó nuair is fearr ár n-eolas, is amhlaidh, ar a laghad, gur mó seans gur fearr a éireoidh linn.

## TAGAIRTÍ


Brown, C. (2015). *Evidence-informed policy and practice in education: A sociological grounding*. Bloomsbury.

Coe, R. (2017). *Evaluation: Why, what and how*. Impact. https://my.chartered.college/impact_article/evaluation-why-what-and-how/ Dickens, C. (1861). *Great expectations.* Chapman and Hall.

Education Endowment Foundation. (2024). *Putting evidence to work: A school's guide to implementation* (Guidance Report). https://educationendowmentfoundation.org.uk/education-evidence/ guidance-reports/implementation

Fernandes, J. (2019). *The role of data-driven decision-making in effective educational leadership.* Academy of Educational Leadership Journal, 27(S2).

Goldacre, B. (2008). *Bad science.* Fourth Estate.





© InnerDrive Ltd.


Department of Education www.education-ni.gov.uk

InnerDrive

Platón. (2009). *Apology* (B. Jowett, Trans.). Dover Publications.

Rogers, J. (2020). *The need for critical engagement when using academic research and evidence.* Impact. https://my.chartered. college/impact_article/the-need-for-critical-engagement-whenusing-academic-research-and-evidence/

## ÁISEANNA BREISE

### Blaganna

Using research evidence (EEF, 2024) educationendowmentfoundation.org.uk/education-evidence/more-resources-and-support/usingresearch-evidence

### Leabhair

Evidence-Informed Wisdom: Making Better Decisions in Education – Bradley Busch, Edward Watson and Matthew Shaw (2025) amazon.co.uk/Evidence-Informed-Wisdom-Decisions-EducationTeacher/dp/1032750804

From principle to practice: Evidence-informed leadership – CCT (2025) hachettelearning.com/leadership/from-principle-to-practiceevidence-informed-leadership



© InnerDrive Ltd.

InnerDrive

Department of
Education
www.education-ni.gov.uk

**DUL I nGLEIC LEIS AN FHIANAISE: NUAIR IS FEARR ÁR nEOLAS, IS FEARR A ÉIRÍONN LINN.**

© InnerDrive Ltd.

Department of Education
www.education-ni.gov.uk

InnerDrive